Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2025
(OR. en)

15566/25

LIMITE

CORLX 1088
CFSP/PESC 1663
COAFR 320
CONUN 183
COARM 187
FIN 1378

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide**
**i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/788/CBES[1] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC).

(2) An 12 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/2231[2] mar fhreagairt ar an mbac ar an bpróiseas toghcháin agus ar sháruithe gaolmhara ar chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Le Cinneadh (CBES) 2016/2231, leasaíodh Cinneadh 2010/788/CBES, agus tugadh isteach na bearta sriantacha uathrialacha in Airteagal 3(2) de Chinneadh 2010/788/CBES.

(3) Ar bhonn athbhreithniú a rinneadh ar na bearta sriantacha a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Chinneadh 2010/788/CBES, agus mar gheall ar na imthosca ábhartha agus i bhfianaise thromchúis na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ba cheart na bearta sin a athnuachan go dtí an 12 Nollaig 2026.

(4) Bunaithe ar fhaisnéis nuashonraithe, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le daoine áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES a leasú. Ba cheart an iontráil a bhaineann le duine amháin a scriosadh.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/788/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336, 21.12.2010, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/788/oj).

[2] Cinneadh (CBES) 2016/2231 ón gComhairle an 12 Nollaig 2016 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336 I, 12.12.2016, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/2231/oj).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 9(2), cuirtear '12 Nollaig 2026' in ionad an dáta '12 Nollaig 2025';

(2) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES mar a leanas:

(1) i Roinn 'A. Daoine', scriostar iontráil 41;

(2) i Roinn 'A. Daoine', cuirtear na hiontrálacha comhfhreagracha seo a leanas in ionad iontrálacha 12, 20, 28. 36, 40, 42, 43 agus 44:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '12. | Justin BITAKWIRA | ar a dtugtar freisin Bihona-Hayi<br>Post: freagrach as an Wazalendo in Kivu Theas<br>Dáta breithe: 5.12.1960<br>Áit bhreithe: Lemera, Poblacht Dhaonlathach an Chongó<br>Náisiúntacht: Poblacht Dhaonlathach an Chongó<br>Inscne: fireann<br>Feidhm nó gairm: polaiteoir, iar-aire náisiúnta agus uachtarán na Comhghuaillíochta don Phoblacht agus don Chomhfhios Náisiúnta (*Alliance for the Republic and National Consciousness*) | Is polaiteoir Congólach, iar-Aire Rialtais agus comhalta den pháirtí polaitiúil '*Union for the Congolese Nation*' é Justin Bitakwira. I mí Feabhra 2025, cheap an tUachtarán Tshisekedi é le bheith freagrach as Wazalendo in Kivu Theas sa Pharlaimint Náisiúnta.<br>Ina óráidí poiblí, spreag sé foréigean agus chothaigh sé idirdhealú agus naimhdeas arís agus arís eile i leith phobal Banyamulenge, pobal ar ar díríodh agus ar a ndearna grúpaí armtha ionsaí.<br>Cuireann na hóráidí agus na scéalta gríosaitheacha sin leis an gcoinbhleacht agus leis an bhforéigean i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe sa réigiún Hauts-Plateaux, ceantar dar dual coinbhleachtaí idirphobail.<br>Ina theannta sin, tá Justin Bitakwira freagrach as an gcoinbhleacht armtha, as an éagobhsaíocht agus as an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | 8.12.2022 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 20. | Charles SEMATAMA | ar a dtugtar freisin: Sebanyana<br>Feidhm/grád: Ceannasaí, Ceannaire míleata Twirwaneho<br>Dáta breithe: 1975<br>Áit bhreithe: Sráidbhaile Kalunyo, timpeall cheantair Kamombo, Kivu Theas, Poblacht Dhaonlathach an Chongó<br>Náisiúntacht: Poblacht Dhaonlathach an Chongó<br>Inscne: fireann | Is iar-oifigeach d'fhórsaí armtha an Chongó (FARDC) é Charles Sematama agus tá post ceannaireachta aige mar Cheannasaí agus Cheannaire Míleata Twirwaneho, grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in Kivu Theas agus a mhaíonn go ndéanann sé ionadaíocht do Phobal Banyamulenge.<br>Coinníonn Twirwaneho an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an éiginnteacht ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha chearta an duine sa tír sin, go háirithe trí earcaíocht dheonach nó éigeantach leanaí chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gcogaíocht, in ionsaithe ar shibhialtaigh agus ar fhórsaí armtha an Chongó (FARDC), agus as maruithe, mar shampla ionsaithe ar shibhialtaigh i sráidbhaile Mikenge i mí na Samhna 2021 inar maraíodh seisear ar a laghad.<br>Ina theannta sin, bhí baint dhíreach ag Charles Sematama le seisiúin bholscaireachta chomh maith le hearcaíocht éigeantach agus úsáid leanaí, lena n-áirítear mar thionlacaithe armtha.<br>Mar gheall ar a ról ceannasach in Twirwaneho agus ar a bhaint dhíreach le hearcaíocht éigeantach agus úsáid leanaí, tá baint ag Charles Sematama, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh arb ionann iad agus sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha chearta an duine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | 28.7.2023 |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 28. | Justin Gacheri MUSANGA | ar a dtugtar freisin Gaceri MUSANGA, CS BRAVO SIERRA, BRAVO THREE<br><br>Feidhm/grád: Briogáidire-Ghinearál Ghluaiseacht an 23 Márta / Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC), Ceannasaí Chrios Cosanta an Iarthuaiscirt<br><br>Áit bhreithe: Masisi, Poblacht Dhaonlathach an Chongó<br><br>Inscne: fireann<br><br>Athair: Erasto Ntibaturana (gnáthcheannaire Hutu in Busumba) | Tá ról ceannasach mar Bhriogáidire-Ghinearál ag Justin Gacheri Musanga in M23/ARC, grúpa armtha neamhrialtasach atá ag oibriú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó.<br><br>Coinníonn M23/ARC an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí fhoréigean a ghríosú. Ina theannta sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear maruithe agus ionsaithe agus foréigean gnéasach in aghaidh sibhialtach, chomh maith le hearcú leanaí.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in M23/ARC, bíonn baint ag Justin Gacheri Musanga, dá bhrí sin, le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | 26.7.2024 |

PUBLIC

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 36. | Bertrand BISIMWA | Feidhm/grád: Ceannaire (Uachtarán) ar bhrainse polaitiúil '*Mouvement du 23 mars*' [Gluaiseacht an 23 Márta] (M23)<br>Dáta breithe: 8.9.1972<br>Áit bhreithe: Bukavu, Poblacht Dhaonlathach an Chongó<br>Náisiúntacht: Congólach<br>Inscne: fireann | Tá ról ceannasach ag Bertrand Bisimwa mar Uachtarán ar Ghluaiseacht an 23 Márta (M23), gluaiseacht armtha neamhrialtasach.<br>Coinníonn M23 an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí fhoréigean a ghríosú agus trí riarachán comhthreomhar a imscaradh in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar sárú é ar iomláine chríochach Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Ina theannta sin, tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear maruithe agus ionsaithe agus foréigean gnéasach in aghaidh sibhialtach, chomh maith le hearcú leanaí.<br>Mar gheall ar a ról ceannasach in M23, bíonn baint ag Bertrand Bisimwa le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Tá sé freagrach freisin as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, go háirithe trí rannchuidiú le riaracháin chomhthreomhara a insealbhú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. | 17.3.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 40. | Eugène NKUBITO | Feidhm/grád: Ceannasaí ar an tríú Rannóg (Maor-Ghinearál) d'Fhórsa Cosanta Ruanda (RDF)<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Ruandach<br>Uimhir seirbhíse RDF: 218 | Ó mhí an Mheithimh 2023 i leith, tá ról ceannasach ag an Maor-Ghinearál Eugène Nkubito mar Cheannasaí ar an tríú Rannóg d'Fhórsa Cosanta Ruanda (RDF), arna imscaradh in oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus i gcúige Kivu Thuaidh go sonrach.<br>Tá sé mar chuspóir ag RDF i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó oibríochtaí Ghluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC), grúpa armtha neamhrialtasach atá ag feidhmiú in Oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, a threisiú trí thrúpaí agus ábhar a chur ar fáil.<br>Is sárú ar iomláine chríochach Phoblacht Dhaonlathach an Chongó é RDF a bheith ar a críoch agus coinníonn sé an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun sa réigiún. Tá sé freagrach freisin as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear pionós comhchoiteann, agus cothaíonn sé sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh ag comhaltaí de M23.<br>Mar gheall ar a ról ceannasach sa tríú Rannóg de RDF atá imscartha in oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, tá Eugène Nkubito freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a chothú sa réigiún. | 17.3.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 42. | Jean-Bosco NZABONIMPA MUPENZI | Feidhm/grád: Ionadaí Airgeadais AFC/M23 in Kivu Theas<br><br>Áit bhreithe: Rubaya, Masisi, Kivu Thuaidh<br><br>Náisiúntacht: Congólach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Gluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC) | Is é Jean-Bosco Nzabonimpa Mupenzi an tIonadaí Airgeadais in Kivu Theas de chuid Ghluaiseacht an 23 Márta/Arm Réabhlóideach an Chongó (M23/ARC) atá ag feidhmiú i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC). Ó mhí Eanáir 2024 i leith, d'oibrigh sé i gcúige Kivu Thuaidh sular ceapadh é i bpost nua in Kivu Theas i mí an Mhárta 2025.<br><br>Is grúpa armtha reibiliúnach é M23 atá freagrach as an gcoinbhleacht armtha atá ann faoi láthair. Ina theannta sin, coinníonn sé an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine sa réigiún ar bun, mar aon leis na sáruithe agus na mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine arna ndéanamh ag comhaltaí de M23, lena n-áirítear maruithe agus ionsaithe agus foréigean gnéasach in aghaidh sibhialtach, chomh maith le hearcú leanaí.<br><br>Tugann Jean-Bosco Nzabonimpa Mupenzi tacaíocht don ghrúpa armtha M23, go háirithe trí bhainistiú roinn Airgeadais agus Táirgthe M23 a áirithiú, chomh maith le páirt a ghlacadh in oiliúint earcach nua.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in M23, bíonn baint ag Jean-Bosco Nzabonimpa Mupenzi le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | 17.3.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 43. | Francis KAMANZI | Feidhm/grád: Ard-Stiúrthóir ar Ghníomhaireacht Chomharchumainn Ruanda, iarPhríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Bhord Mianach, Peitriliam agus Gáis Ruanda (RMB)<br><br>Náisiúntacht: Ruandach<br><br>Inscne: fireann | Bhí ról ceannasach ag Francis Kamanzi mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an mBord um Mianaigh, Peitriliam agus Gáis Ruanda (RMB) ó mhí Feabhra 2024 go mí Iúil 2025, nuair a ceapadh é ina Ard-Stiúrthóir ar Ghníomhaireacht Chomharchumainn Ruanda. Is faoi fhreagracht na hAireachta Trádála agus Tionscail atá Gníomhaireacht Chomharchumainn Ruanda. Ceann de na príomhfhreagrachtaí atá ar Ghníomhaireacht Chomharchumainn Ruanda is ea rialáil agus maoirseacht a dhéanamh ar eagraíochtaí comhair. Ina measc, oibríonn 141 comharchumann in earnáil na mianadóireachta, príomhearnáil saothraithe ioncaim onnmhairiúcháin Ruanda. Dá bhrí sin, tá baint fós ag Francis Kamanzi le saothrú nó trádáil acmhainní nádúrtha.<br><br>Leantar de mhianraí a shaothrú i limistéir mhianadóireachta atá faoi rialú Ghluaiseacht an 23 Márta (M23) agus de gháinneáil a dhéanamh orthu go Ruanda ar mhaithe le *Alliance Fleuve Congo*/M23 agus geilleagar Ruanda araon, áit a ndéantar na mianraí coinbhleachta sin a mheascadh le táirgeadh Ruanda.<br><br>Mar gheall ar an ról ceannasach a bhí aige in RMB agus a ról mar Ard-Stiúrthóir ar Ghníomhaireacht Chomharchumainn Ruanda, tá Francis Kamanzi freagrach as leas a bhaint as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht nó an neamhshláine i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, lena n-áirítear trí shaothrú aindleathach nó trádáil aindleathach acmhainní nádúrtha. | 17.3.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 44. | Joseph MUSANGA BAHATI | ar a dtugtar freisin<br><br>'Erasto'; 'Bahati Erasto'; 'Coirnéal Erasto'; 'Coirnéal Bahati Musanga'<br><br>Feidhm/grád: Gobharnóir Kivu Thuaidh<br><br>Dáta breithe: 18.8.1978<br><br>Áit bhreithe: Bashali-Mokoto (Busumba)<br><br>Náisiúntacht: Congólach<br><br>Inscne: fireann<br><br>Eintitis chomhlachaithe: Gluaiseacht an 23 Márta/*Alliance Fleuve Congo* (M23/AFC) | Is duine sinsearach é Joseph Musanga Bahati i struchtúr ghrúpa reibiliúnach Ghluaiseacht an 23 Márta (M23) agus laistigh de *Alliance Fleuve Congo*. Bhí sé ina Cheann Airgeadais ar M23 ar feadh roinnt blianta.<br><br>I mí Feabhra 2025, ainmníodh é mar ghobharnóir ar Kivu Thuaidh mar chuid den 'riarachán' neamhdhleathach nua a d'fhorchuir M23 agus ar sárú é ar cheannasacht an Chongó.<br><br>Is sárú ar iomláine chríochach Phoblacht Dhaonlathach an Chongó é riarachán comhthreomhar a imscaradh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Coinníonn sé an choinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine ar bun sa réigiún freisin, chomh maith leis na mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine agus na sáruithe tromchúiseacha a rinne comhaltaí de M23.<br><br>Mar gheall ar a ról ceannasach in M23, bíonn baint ag Joseph Musanga Bahati le gníomhartha a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha iad ar chearta an duine. Ina theannta sin, tá sé freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht agus an neamhshláine a choinneáil ar bun i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. | 17.3.2025' |

PUBLIC